C/2026/4121

27.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4121)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Binissalem'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1056-AM03 — 27.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Binissalem'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge an ATFC 'Binissalem'; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

ATHRUITHE AR AN TUAIRISC ORGÁNAILEIPTEACH

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta ionas gur féidir a saintréithe a nascadh le tuairisceoirí ar féidir measúnú a dhéanamh orthu trí mhodhanna eolaíocha.

Baineann an leasú sin le pointe 2(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

CINEÁLACHA NUA A THABHAIRT ISTEACH

Tuairisc

Cuireadh na cineálacha fíniúna dearga seo a leanas isteach: Giró Negre, Esperó de Gall agus Fogoneu.

Baineann an leasú sin le pointe 6(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

ATHRUITHE AR NA TÉARMAÍ LIPÉADAITHE ROGHNACHA

Tuairisc

Cuireadh bardais an limistéir chríochaithe isteach mar aonaid gheografacha níos lú, mar aon le ceanglais áirithe maidir lena n-úsáid ar lipéid.

Cuireadh an téarma lipéadaithe 'Vinyet' isteach in éineacht leis na rialacha maidir le húsáid. Go sonrach, tá teorainneacha níos ísle ag na fíonta sin le haghaidh dé-ocsaíd sulfair agus déantar iad as fíonchaora ag a bhfuil táirgeacht níos ísle in aghaidh an heicteáir.

Leasaíodh pointí 2, 5 agus 8 den tsonraíocht táirge agus pointí 6, 7.2 agus 11 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Binissalem'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1056-AM03 — 27.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Binissalem'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON – fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan

Dea-bholadh

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla, bláthacha nó mianracha a bheith acu.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha (torthaí aibí, rísínithe nó criostalaithe) mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla nó bláthacha a bheith acu.

Blas

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: struchtúr, cothromaíocht agus fad áirithe.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: cothromaíocht mhaith idir milseacht agus aigéadacht.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, ar éifeachtaí an aosaithe agus ar an modh táirgthe, d'fhéadfadh saintréithe tánaisteacha a bheith chun tosaigh.

Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar dea-bholaithe iad a mbíonn siollaí adhmaid agus dea-bholaithe spíosraithe le brath orthu.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

Fíonta úra: 13,3 meq/l

Fíonta atá 1 bhliain d'aois nó níos sine: 15,3 meq/l

* ag méadú 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart alcóil de bhreis ar 12 %.

Dé-ocsaíd sulfair uasta:

≤ 5 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 150 mg/l

> 5 go ≤ 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 180 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 150 mg/l)

> 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 300 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 250 mg/l)

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON – fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glan

Dea-bholadh

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla bláthacha a bheith acu.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha (torthaí aibí) mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí bláthacha nó plandúla a bheith acu.

Blas

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: cothromaíocht agus fad áirithe.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: cothromaíocht mhaith idir milseacht agus aigéadacht.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, ar éifeachtaí an aosaithe agus ar an modh táirgthe, d'fhéadfadh saintréithe tánaisteacha a bheith chun tosaigh.

Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar dea-bholaithe iad a mbíonn siollaí adhmaid agus dea-bholaithe spíosraithe le brath orthu.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

Fíonta úra: 13,3 meq/l

Fíonta atá 1 bhliain d'aois nó níos sine: 15,3 meq/l

* ag méadú 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart alcóil de bhreis ar 12 %.

Dé-ocsaíd sulfair uasta:

≤ 5 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 180 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 150 mg/l)

> 5 go ≤ 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 240 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 200 mg/l)

> 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 300 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 250 mg/l)

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON – fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glan

Dea-bholadh

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla nó bláthacha a bheith orthu. Saintréith de na fíonta a dhéantar as Moscatel is ea gnáth-dhea-bholaithe an chineáil.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha (torthaí aibí) mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla nó bláthacha a bheith orthu. Saintréith de na fíonta a dhéantar as Moscatel is ea gnáth-dhea-bholaithe an chineáil.

Blas

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh nach mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: cothromaíocht agus déine mhaith.

Fíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 12 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós: cothromaíocht mhaith idir milseacht agus aigéadacht.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

I ngach cás, ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, ar éifeachtaí an aosaithe agus ar an modh táirgthe, d'fhéadfadh saintréithe tánaisteacha a bheith chun tosaigh.

Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar dea-bholaithe iad a mbíonn siollaí adhmaid agus dea-bholaithe spíosraithe le brath orthu.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

Fíonta úra: 13,3 meq/l

Fíonta atá 1 bhliain d'aois nó níos sine: 15,3 meq/l

* ag méadú 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart alcóil de bhreis ar 12 %.

Dé-ocsaíd sulfair uasta:

≤ 5 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 180 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 150 mg/l)

> 5 go ≤ 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 240 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 200 mg/l)

> 45 g/l siúcraí dí-ocsaídithe: 300 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 250 mg/l)

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON SÚILÍNEACH (geal agus *rosé*)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glé agus geal.

Dea-bholadh

GEAL: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha (torthaí aibí) mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla, bláthacha nó *patisserie* a bheith acu.

ROSÉ: is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha mar shaintréith acu, d'fhéadfadh siollaí plandúla nó bláthacha a bheith acu.

Blas

GEAL: cothromaíocht, fíneáltacht agus déine mhaith.

ROSÉ: cothromaíocht, fíneáltacht agus fad áirithe.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

I ngach cás, ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, ar éifeachtaí an aosaithe agus ar an modh táirgthe, d'fhéadfadh saintréithe tánaisteacha a bheith chun tosaigh.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

Fíonta úra: 13,3 meq/l

Fíonta atá 1 bhliain d'aois nó níos sine: 15,3 meq/l

* ag méadú 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart alcóil de bhreis ar 12 %.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: 180 mg/l (le bheith incháilithe don téarma 'Vinyet': 150 mg/l)

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Tuairisc

Láimhseáiltear na fíonchaora, an t-úrfhíon agus an fíon, agus déantar faireachán ar choipeadh agus ar fhorbairt chun an cháilíocht uasta agus carachtair thraidisiúnta na stíleanna fíona ag a bhfuil an t-ainmniúchán faoi chosaint a tháirgeadh. Tá saoráidí chun na fíonta a aosú sna háitribh ina ndéantar an t-aibiú, rud a ráthaíonn cáilíocht.

Is é ≥ 10 % neart alcóil iomlán de réir toirte na mbunfhíonta a úsáidtear chun fíonta súilíneacha a dhéanamh.

Uastáirgeacht: 0,72 hl d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora. Is féidir, go heisceachtúil, é sin a mhéadú go 0,74 hl d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora.

Fíon dearg: ≥ 30 % cineálacha fíniúna Manto Negro agus ≤ 30 % cineálacha fíniúna Gorgollassa. Fíon geal: ≥ 50 % cineálacha Moll nó Moscatel. Fíon *rosé* agus fíon súilíneach *rosé*: ≤ 30 % Gorgollassa. Fíon súilíneach geal: ≥ 50 % Moll agus gan cineálacha Moscatel.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Chun úrfhíon fíonchaor nó fíon a eastóscadh, ní fhéadfar ach córais mheicniúla a úsáid nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha na dtriopall fíonchaor ná nach mbogann as áit iad. Go sonrach, ní cheadaítear brúiteoirí lártheifeacha ardluais ná fáisceáin leanúnacha a úsáid. Cleachtais trína ndéantar na fíonchaora a réamhthéamh nó na húrfhíonta fíonchaor nó na fíonta a théamh agus an marc fíonchaor ann chun eastóscadh an ábhair dathúcháin a bhrú, ní cheadaítear iad chun fíonta a bhfuil an ATFC Binissalem acu a dhéanamh. Féadfaidh an Bord Rialála cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál pacáistíochta agus leis an gcóras chun na fíonchaora buainte a iompar chun meathlú ar an gcáilíocht a chosc.

Cleachtas fíoneolaíoch

MODHANNA FÁIS

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Tá cleachtais i bhfeidhm chun an cháilíocht agus an tsainiúlacht is airde a bhaint amach le haghaidh na bhfíonta. Is é 2 225 phlanda/ha an dlús plandaithe íosta, ag brath ar na hithreacha, ar na cineálacha agus ar na córais treoraithe. Úsáidtear cuachphrúnáil nó treilísiú. Is féidir uisciú a údarú faoi réir modhanna agus coinníollacha sonraithe, tar éis staidéir theicniúla nó i gcás ina bhfuil údar leis de bharr dálaí aeráide. Is é 10 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte i gcás cineálacha geala agus 10,5 % i gcás cineálacha dearga.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineál fíniúna Parellada

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineál fíniúna Parellada

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	72
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineál Parellada chun an téarma 'Vinyet' a úsáid

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	7 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineál Parellada chun an téarma 'Vinyet' a úsáid

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	54
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineálacha eile

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	9 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineálacha eile

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	64,80
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Na cineálacha eile chun an téarma 'Vinyet' a úsáid

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	6 750
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Na cineálacha eile chun an téarma 'Vinyet' a úsáid

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	48,60
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET SAUVIGNON

— CALLET

— CHARDONNAY

— ESCURSAC

— ESPERÓ DE GALL

— FOGONEU

— GIRÓ NEGRE

— GIRÓ ROS

— GORGOLLASSA

— MACABEO - VIURA

— MANTO NEGRO

— MERLOT

— MOLL – PRENSAL

— MONASTRELL

— MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— PARELLADA

— SYRAH

— TEMPRANILLO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Na bardais seo a leanas: Binissalem, Consell, Santa María del Camí, Sencelles agus Santa Eugenia, i Mallarca.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá na dálaí aeráide agus ithreach agus na cineálacha fíniúna áitiúla ríthábhachtach do na saintréithe agus don cháilíocht. Nithe lárnacha maidir le haibiú iomlán agus tiúchan níos mó siúcraí is ea na dálaí agus na cineálacha sin, agus áiríthítear leo léiriú níos fearr ar phróisis a bhaineann le sintéis agus carnadh comhdhúl, nithe a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar an gcáilíocht: siúcraí, aigéid, comhdhúile aramatacha agus feanólacha. Fágann sé sin gur féidir fíonta dearga a dhéanamh ag a bhfuil na nithe seo a leanas: blas torthaíoch, struchtúr agus fad; fíonta *rosé*: an-aramatach agus iarbhlas fada orthu; agus fíonta geala ag a bhfuil na nithe seo a leanas: úire agus déine aramatach agus blais;

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

4. Fíon súilíneach

Achoimre ar an nasc

Tá na dálaí aeráide agus ithreach agus na cineálacha fíniúna áitiúla ríthábhachtach do na saintréithe agus don cháilíocht. Nithe lárnacha maidir le haibiú iomlán agus tiúchan níos mó siúcraí is ea na dálaí agus na cineálacha sin, agus áiríthítear leo léiriú níos fearr ar phróisis a bhaineann le sintéis agus carnadh comhdhúl, nithe a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar an gcáilíocht: siúcraí, aigéid, comhdhúile aramatacha agus feanólacha. Fágann sé sin gur féidir fíonta geala súilíneacha a dhéanamh ag a bhfuil na nithe seo a leanas: úire, fíneáltacht, beogacht agus déine; agus fíonta *rosé* súilíneacha ag a bhfuil na nithe seo a leanas: déine aramatach, fíneáltacht agus fad.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

TOIRMEASC AR PHACÁISTIÚ LASMUIGH DEN LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh i bhfíonlanna atá cláraithe i gClár na bhFiontar Buidéalaithe atá lonnaithe sa limistéar faoi chosaint chun cáilíocht na bhfíonta a ráthú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

— Ní mór dianfhaireachán a dhéanamh ar dhálaí buidéalaithe;

— D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag iompar fíona neamhphacáistithe ar a cháilíocht;

— Déantar faireachán ag an bhfoinse ar na dálaí buidéalaithe is fearr, áit arb í an taithí maidir le saintréithe sonracha an táirge ráthaíocht cáilíochta agus barántúlachta.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór ainm an ATFC Binissalem a bheith le feiceáil go soiléir ar an lipéad. Ní mór séalaí, lipéid nó lipéid thánaisteacha uimhrithe arna n-eisiúint ag an mBord Rialála, nach féidir a úsáid arís, a bheith ar an bpacáistíocht. Ní mór don fhíonlann iad a ghreamú agus ní mór iad a ghreamú san fhíonlann.

Is féidir ainmneacha bhardais an limistéir chríochaithe a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe.

Féadfar an téarma 'Vinyet' a úsáid faoi choinníollacha áirithe.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/es/binissalem-46238/